RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/726 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Bealtaine 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 maidir le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha *Adoxophyes orana granulovirus* agus flutríafól

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe an chéad mhír d'Airteagal 17 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ([2]) ón gCoimisiún na substaintí gníomhacha a mheastar a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(2) Cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí flutríafól ón 31 Bealtaine 2021 go dtí an 31 Bealtaine 2024 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1266 ([3]) agus ina theannta sin go dtí an 31 Lúnasa 2024 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2007 ón gCoimisiún ([4]). Cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí *Adoxophyes orana granulovirus* ón 31 Eanáir 2023 go dtí an 31 Eanáir 2024 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2007.

(3) Cuireadh isteach iarratais ar athnuachan fhormheas na substaintí gníomhacha lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún ([5]). I gcás na substaintí gníomhacha *Adoxophyes orana granulovirus* agus flutríafól, áfach, tá sé deimhnithe ag na hiarratasóirí nach dtacaíonn siad a thuilleadh leis an iarratas ar fhormheas a athnuachan.

(4) I bhfianaise aidhm na chéad mhíre d'Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, níl údar a thuilleadh le faduithe ar thréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha sin, dá bhforáiltear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2007. Is iomchuí, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh go rachaidh formheasanna *Adoxophyes orana granulovirus* agus flutríafól in éag ar na dátaí a rachadh siad in éag gan an síneadh a chur leis.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1266 ón gCoimisiún an 20 Meán Fómhair 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 maidir le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha 1-deacánól, 6-beinsioladainín, sulfáit alúmanaim, asadaraictin, búipireamáit, carbocsain, cleataidim, cioglocsaidim, dasaimeit, déchlófop, déthianón, dóidín, feanasacuin, fluometuron, flutríafól, heicsitiasocs, himeacsasól, aigéad iondoiliolbútarach, iosocsaibein, sulfar aoil, meataildéad, paclabútrasól, peinciocúrón, sintifein, tó-fluvailionáit agus teabúifeanóisíd (IO L 238, 21.9.2018, lch. 81).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2007 an 8 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 maidir le síneadh a chur le tréimhsí ceadaithe na substaintí gníomhacha 1-deacánól, 1,4-démheitiolnaftailéin, 6-beinsioladainín, aicéacuinicil, Adoxophyes orana granulovirus, sulfáit alúmanaim, aimíosulbróm, Aureobasidium pullulans (tréithchineálacha DSM 14940 agus DSM 14941), asadaraictin, Bacillus pumilus QST 2808, beanalacsail-M, bicsifein, búipireamáit, tréithchineál O de Candida oleophila, clórantrainileapról, fosfónáit déshóidiam, déthianón, dóidín, eimimeictin, fluibeindé-aimíde, fluaimeatúrón, flucsaipiorocsad, flutríafól, heicsitiasocs, iomasamocs, iopconasól, iosocsaibein, L-aigéad ascorbach, sulfar aoil, ola oráiste, tréithchineál FE 9901 Paecilomyces fumosoroseus, peindémheatailin, peanfluifein, peintiaipiorad, fosfónáití déshóidiam, prósulfúrón, tréithchineál DSMZ 13134 Pseudomonas sp, pireadailil, piriófeanón, piorocsulam, cuinmeireac, aigéad S-scoiteach, seadacsán, sintifein, tiasulfáit airgid sóidiam, spineatoram, spiriteitreamat, tréithchineál WYEC 108 Streptomyces lydicus, tó-fluvailionáit, teabúifeanóisíd, teambaitrí-ón, tíoncarbasón, vailifeanaláit, foisfíd since (IO L 414, 9.12.2020, lch. 10).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26).

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Bealtaine 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Cuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

(1) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 26, *Adoxophyes orana granulovirus*, cuirtear "31 Eanáir 2023" in ionad an dáta;

(2) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 353, flutríafól, cuirtear "31 Bealtaine 2021" in ionad an dáta.